# Comhpháirtithe Sóisialta ina dtairbhithe

## Tacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa do chomhpháirtithe sóisialta sa tréimhse idir 2007-2013

### 1. Réamhrá

#### *Sainmhíniú ar Chomhpháirtithe Sóisialta*

Téarma is ea "comhpháirtithe sóisialta" a úsáidtear go coitianta ar fud na hEorpa chun tagairt a dhéanamh d'ionadaithe bainistíochta agus saothair (eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn).

Tá ról uathúil ag comhpháirtithe sóisialta sa rialachas sóisialta agus eacnamaíoch: is ionadaithe iad i ngach aon slí ar na leasanna agus na fadhbanna a bhaineann leis an saol oibre, ó dhálaí oibre go hoiliúint leanúnach a fhorbairt lena n-áirítear an sainmhíniú ar chaighdeáin tuarastail. Tá siad i dteideal go háirithe comhphlé a sheoladh ar son a gcomhaltaí a bhféadfadh comhaontuithe comhchoiteanna ar na saincheisteanna go léir a chlúdaíonn siad a bheith mar thoradh air.[1] Fágann sin nach leasanna na bainistíochta agus an tsaothair amháin a nochtann siad. Is féidir leo chomh maith gealltanais a gcomhaltaí a thabhairt i ndáil le gníomhartha ar leith in idirbheartaíochtaí. Fágann sin go ndéantar idirdhealú idir comhphlé sóisialta – an próiseas coiteann ina ndéantar cómhargáil agus comhairliúchán bíodh an próiseas déthaobhach a bhíonn ann idir comhpháirtithe sóisialta uathrialaitheacha nó an próiseas tríthaobhach a bhíonn ann i gcomhar le húdaráis áitiúla – agus comhphlé sibhialta níos leithne i gcomhar le heagraíochtaí leasmhara eile.

Mar thoradh air sin is féidir gur ionstraim chumhachtach a bheadh sa chomhphlé sóisialta chun fadhbanna a réiteach i gcomhar. Chomh maith leis an gcomhairliúchán tríthaobhach a bhíonn idir na comhpháirtithe sóisialta agus an rialtas faoi shaincheisteanna beartais, is féidir le comhphlé déthaobhach idir eagraíochtaí ionadaíocha comhpháirtithe sóisialta réiteach a fháil go neamhspleách ar go leor coimhlintí a d'fhéadfadh a bheith sa saol oibre ionas nach gcaithfí iad a throid agus a réiteach sa saol polaitiúil. Is féidir go dtiocfadh comhshaol slán do chuideachtaí agus d'fhostaithe as an gcomhphlé sóisialta, comhshaol ina bhféadfaidís dul in inmhe agus is féidir go gcuirfeadh sé seo go mór leis an meon dearfach a bheadh ann don athrú agus go ndéanfaí bainistíocht mhaith ar an athrú sin. D'fhéadfadh trí bhíthin comhbheartú tríthaobhach sóisialta go mbeadh baint ag ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí agus an rialtas le próiseas pléití ina bhféadfaidís míniú agus cúiseanna a thabhairt ar a ngníomhartha agus a thuilleadh freagrachta a ghlacadh astu. Is léir ó shamplaí a tógadh as roinnt Ballstát le gairid go gcuireann comhphlé tríthaobhach sóisialta go mór le nuachóiriú rathúil bheartas mhargadh an tsaothair. Is féidir an cur chuige nua seo i leith tríthaobhachais a fhorbairt go háitiúil, go náisiúnta agus san Eoraip.[2]

#### *Tacaíocht CSE do chomhpháirtithe sóisialta idir 2000-2006*

Tionscnóirí is ea na comhpháirtithe sóisialta i líon an-ard de thionscadail a mhaoiníonn CSE. Ba ríléir ionchur na gcomhpháirtithe sóisialta sa tréimhse 2000-2006 maidir le hinoiriúnaitheacht i réimse na n-oibrithe go háirithe ó thaobh oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a sholáthar. Thacaigh tionscnamh EQUAL agus tionscadail PHARE chomh maith

*1. Comhfhreagras ón gCoimisiún COM(2002) 341 dréacht deiridh – Comhphlé Sóisialta na hEorpa, fórsa don nuálaíocht agus don athrú*
*2. An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil um Chaidreamh Tionsclaíoch agus Athrú san Aontas Eorpach, 2002.*

Commission européenne

trí bhíthin bhuiséad an chomhphlé shóisialta, le comhphlé sóisialta agus chun scileanna na gcomhpháirtithe sóisialta a fheabhsú tríd is tríd.

Agus is léir ó chiall cheannaithe go bhfuil gníomhartha ar éirigh go maith leo curtha i bhfeidhm ag comhpháirtithe sóisialta. Tóg An **Ghearmáin** mar shampla – tá ról tábhachtach ag comhpháirtithe sóisialta ansin i réimse na foghlama ar feadh an tsaoil (meastar go gcaitear 8% den chlúdach domhanda CSE ar an réimse sin). Ar an gcaoi chéanna bíonn ról lárnach ag comhpháirtithe sóisialta i mbearta inoiriúnaitheachta agus fiontraíochta (meastar go gcaitear 20% den chlúdach domhanda ar an réimse sin – gairmoiliúint don óige, gairmoiliúint d'fhostaithe agus comhshocruithe nua maidir le huaireanta oibre).

Sa **Spáinn** is iad na comhpháirtithe sóisialta a bhainistíonn isteach agus amach le 80% de na gníomhartha leanúnacha oiliúna a chómhaoiníonn CSE agus is ionann sin agus beagnach 14% den tacaíocht as CSE. Tá ról suntasach ag na comhpháirtithe sóisialta chomh maith i réimse na hinoiriúnaitheachta.

Sa **Bheilg** tá baint mhór ag na comhpháirtithe sóisialta[3] maidir le trí phríomhthosaíocht a chur i bhfeidhm agus is ionann sin agus beagnach 45% den bhuiséad domhanda CSE in Flóndras – "Fiontraíocht a Fhorbairt", "Gnóthaí solúbtha agus a gcuid fostaithe a ghríosú", "Beartais chomhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná a neartú".

San **Ísiltír** is ionann na bearta ina bhforfheidhmíonn comhpháirtithe sóisialta formhór na dtionscadal agus 13% den bhuiséad CSE. Is as cistí O&O ("cistí earnála" arna mbainistiú ag na comhpháirtithe leasmhara) agus as bardais[4] chomh maith a fhorfheidhmítear, tríd is tríd, bearta maidir le hoiliúint a chur ar fhostaithe.

## 2. Comhpháirtithe Sóisialta ina dTairbhithe den CSE idir 2007-2013

Treisíonn creat reachtaíochta Chiste Sóisialta na hEorpa atá i bhfeidhm don tréimhse 2007-2013 tábhacht agus freagracht na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le cuspóirí Straitéis Liospóin a bhaint amach san Aontas Eorpach (AE): **fás agus poist a bhaint amach.**

Áirítear go sainráite in Airteagal 3.1(e) comhpháirtíochtaí ag leibhéal na dtairbhithe i scóip idirghabháil CSE:

> *Airteagal 3.1 (e)*
> *"comhpháirtíochtaí, comhaontuithe agus tionscnaimh a chur chun cinn trí líonrú i measc páirtithe leasmhara, amhail comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, go trasnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun tús a chur le leasuithe ó thaobh na cuimsitheachta san fhostaíocht agus sa mhargadh saothair de"*

### *Ról na gcomhpháirtithe sóisialta chun straitéis Liospóin a sheachadadh*

Tá ról tábhachtach ag na **comhpháirtithe sóisialta** i gcomhar le **Ballstáit** i gcuspóirí agus i dtosaíochtaí straitéis Liospóin a fhorfheidhmiú:

- *Fostaíocht iomlán:* Tá sé ríthábhachtach fostaíocht iomlán a bhaint amach agus dífhostaíocht agus neamhghníomhaíocht a laghdú tríd an éileamh i gcomhair saothair agus tríd an soláthar saothair a mhéadú ar mhaithe le fás eacnamaíoch a chothabháil agus cuimsiú sóisialta a threisiú;
- *Cáilíocht agus táirgiúlacht ag an obair a fheabhsú*: Oibríonn iarrachtaí chun rátaí fostaíochta a mhéadú agus, feabhas a chur ar tharraingteacht na bpost, ar cháilíocht na hoibre agus ar fhás tháirgiúlacht an tsaothair agus sciar na drochoibre a laghdú, as lámha a chéile. Ba chóir an méid is is féidir é a bhaint as comharghníomhaíochtaí a bhaineann le cáilíocht ag an obair, táirgiúlacht agus fostaíocht;

*3. I gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha*
*4. Léigh an aguisín chun a thuilleadh samplaí agus mionsonraí a fháil*

– *Comhtháthú sóisialta agus críche a neartú*: Is gá gníomh diongbháilte chun cuimsiú sóisialta a threisiú, eisiamh as margadh an tsaothair a chosc agus tacú le daoine faoi mhíbhuntáiste a bheith lánpháirteach san fhostaíocht agus chun éagothromaíochtaí ó thaobh fostaíochta, dífhostaíochta agus táirgiúlacht saothair de a laghdú go háirithe i réigiúin atá ag titim ar gcúl.

Luaitear ról na gcomhpháirtithe sóisialta go háirithe i dtreoirlíne **21 de na treoirlínte fostaíochta**: *Solúbthacht a bheadh comhcheangailte le leas fostaíochta a chur chun cinn agus an deighilt i margadh an tsaothair a laghdú ag féachaint go cuí do ról na gcomhpháirtithe sóisialta, tríothu seo a leanas:*

- reachtaíocht fostaíochta a chur in oiriúint agus athbhreithniú a dhéanamh más gá ar na comhshocruithe conartha éagsúla agus ar na huaireanta oibre,
- aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hoibre neamhdhearbhaithe,
- athrú a réamh-mheas níos fearr agus a bhainistiú ar bhealach dearfach lena n-áirítear athstruchtúrú, agus go háirithe athruithe a bhaineann le deiseanna nua trádála ionas go laghdófar costais shóisialta agus go gcuideofaí le hoiriúnú,
- Cineálacha d'eagrú oibre a bheadh nuálach agus in oiriúint a chur chun cinn agus a scaipeadh chun cáilíocht agus caighdeán ag an obair, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú,
- tacú le hathruithe i stádas gairme lena n-áirítear oiliúint, féinfhostaíocht, bunú gnóthaí agus soghluaisteacht ó áit go chéile.

Tagraítear do na comhpháirtithe sóisialta i **dtreoirlíne 22** chomh maith: *forbairtí costas lucht saothair agus meicníochtaí chun tuarastail a shocrú a bheadh oiriúnach don fhostaíocht a chinntiú* i ndáil le freagrachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le margáil a dhéanamh ar thuarastail lena n-áirítear bearnaí sa phá idir na hinscní a sheachaint.

Maidir leis na treoirlínte thuasluaite tá na comhpháirtithe sóisialta i gcaoi mhaith chun a gcion tairbhe úsáideach a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

- inniúlachtaí na seirbhísí fostaíochta chun daoine a mheaitseáil le poist a fhorbairt
- beartais a fhorbairt chun easnaimh scileanna a sheachaint
- feidhmiúlacht mhargaí an tsaothair a bhreisiú trí bhunachair shonraí ar phoist agus deiseanna foghlama a fheabhsú ar chóir iad a bheith idircheangailte le bunachair shonraí agus deiseanna foghlama san Eoraip agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí na faisnéise nua-aimseartha agus as taithí atá ar fáil cheana féin san Eoraip

Ina theannta sin cuireann comhpháirtithe sóisialta le cuspóirí AE a bhaint amach trí thionscnaimh sna réimsí seo a leanas: foghlaim ar feadh an tsaoil; an ráta fostaíochta a mhéadú; comhionannas deiseanna; rochtain ar fhostaíocht agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a fheabhsú; cuimsiú sóisialta a atreisiú agus idirdhealú a chomhrac; an saol oibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt dá chéile; agus **táscairí** imdhealaithe de réir inscne a fhorbairt agus **tagarmharcanna** agus boinn thacúla sonraí staitistiúla a fhorbairt chun forás a thomhas sna gníomhartha as a bhfuil siad freagrach.

## *Tacaíocht níos fearr do chomhpháirtithe sóisialta i Réigiúin Chóineasaithe*

D'ainneoin na bhforbairtí dearfacha nach bhfuil amhras ar bith fúthu, d'fhéadfaí a thuilleadh feabhais a chur ar inniúlacht na gcomhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach i gcomhphlé sóisialta agus i rialachas sóisialta, i rialachas ar mhargadh an tsaothair agus i rialachas eacnamaíoch i Réigiúin Chóineasaithe go mór mór. Bíonn easnaimh i dtaighde comparáideach ar chaidreamh tionsclaíoch agus ní thugann táscairí ar chlúdach léargas iomlán ar cháilíocht an chaidrimh thionsclaíoch. D'ainneoin sin is uile, léirítear i dtaighde a rinneadh le gairid go bhfuil comhphlé sóisialta sách lag in go leor Ballstát sna Réigiúin Chóineasaithe. Tá líon na gceardchumann[5] níos ísle ná an meán AE sna tíortha seo a leanas: CZ, DE, EL, HU, PL, PT, LV, ES, LT, EE agus FR. Is sna Ballstáit ó Lár agus Oirthear na hEorpa a chuaigh isteach san AE sa bhliain 2004 agus sa PT is lú a dhéantar ionadaíocht ar eagraíochtaí fostóirí. Ina theannta sin is níos lú ná 50% an céatadán d'oibrithe a ndéanann ceardchumainn agus/nó comhairle oibrithe ionadaíocht orthu san ionad oibre sa CY, SK, UK, CZ, EL, ES, PL, HU, PT, LV, EE, LT, MT. Éiríonn go maith leis an gcomhbheartú tríthaobhach sa chuid is mó de na Ballstáit nua ach ní iondúil gur leor an fhorbairt a dhéantar ar mhargáil dhéthaobhach shóisialta[6].

*5. Sainmhínítear 'dlús ceardchumann' mar chóimheas idir bhallraíocht iarbhír agus ballraíocht fhéideartha chun cumhacht chomhcheangail nó ionadaíocht eagraíochtúil a thomhas.*
*6. An Coimisiún Eorpach (2006) Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip, Páipéar Oibre Fhoireann an Choimisiúin*

Thairis sin is cuid ríthábhachtach den rialachas san Eoraip é an comhphlé sóisialta agus baineann an tAE agus na Ballstáit araon tairbhe as struchtúir éifeachtachta ar chomhphlé shóisialta. Is gá dá bhrí sin tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun feasacht a scaipeadh agus acmhainní a fhorbairt ar mhaithe le socrú agus feidhmiú na struchtúr ar chomhphlé sóisialta a spreagadh ag na leibhéil go léir (leibhéal trastionscail agus earnála go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil). Dá bhrí sin, ar mhaithe le meas a thaispeáint do cheart saoire chomhlachais agus uathriail na gcomhpháirtithe sóisialta, is próiseas ón mbun aníos é an próiseas chun acmhainní a fhorbairt agus braitheann sé go mór ar iarrachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta féin.

Níl doiléire ar bith in Airteagal 5.3 de Rialachán CSE don tréimhse 2007-2013 maidir le ról na gcomhpháirtithe sóisialta i bhforfheidhmiú an Chiste: *"Spreagfaidh údarás bainistithe gach cláir oibriúcháin na comhpháirtithe sóisialta chun a bheith rannpháirteach go cuí i ngníomhartha arna maoiniú faoi réim Airteagal 3 (Scóip)".*

Is léir dá bhrí sin gur tairbhithe ab ea na comhpháirtithe sóisialta agus go leanfaidh siad mar thairbhithe faoi thosaíochtaí uile CSE sna Ballstáit go léir.

De bhun airteagal 3.1 (e) den rialachán CSE tabharfar tacaíocht shonrach ar mhaithe le **comhpháirtíochtaí agus comhaontuithe a fheabhsú agus a fhorbairt chun leasuithe a chur ar bun** i réimse na fostaíochta agus an chuimsithe shóisialta. Baineann tábhacht ar leith leis na gníomhaíochtaí seo chun staid mhargadh an tsaothair a fheabhsú agus chun dea-rialachas a chur chun cinn; is ionann iad agus tosaíocht nua ar leith d'idirghabhálacha an CSE sa todhchaí – ar a nglaoitear an tosaíocht chun *"leasuithe a chur ar bun i réimse na fostaíochta agus an chuimsithe"*

Is ann do **thosaíocht nua eile CSE**, airteagal 3.2 (b) **trína bhféadfaí tacaíocht a thabhairt chun comhpháirtíochtaí nua a chruthú**: an tosaíocht ar a nglaoitear *"cumas na n-institiúidí agus éifeachtacht ranna riaracháin agus seirbhísí poiblí a neartú".*

Má táthar chun beartais éifeachtacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú is gá gníomhaithe eile a bheith rannpháirteach agus is gá líonrú agus comhoibriú idir na páirtithe leasmhara sin a neartú. Ar an gcaoi sin d'fhéadfadh cumas na n-institiúidí tacaíocht a thabhairt chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt i raon leathan de réimsí beartais agus sna leibhéil chríche go léir. Ba chóir tacaíocht a thabhairt go háirithe don chomhphlé idir na haonáin phoiblí agus phríobháideacha lena n-áirítear comhpháirtithe socheacnamaíocha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. D'fhéadfadh gur ghá struchtúir agus córais araon a atreisiú ar mhaithe le comhphlé éifeachtach. D'fhéadfadh, más cuí, an CSE tacaíocht a thabhairt chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt.

## *Tacaíocht shonrach chun acmhainní agus comhghníomhartha a fhorbairt*

Agus é á aithint gur gá a thuilleadh a dhéanamh leagtar dá bhrí sin béim i Rialachán CSE (CE) Uimh. 1081/2006 don tréimhse chláraithe 2007-2013 gur gá go mbeadh páirtithe leasmhara iomchuí, agus go háirithe na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach go gníomhach i gclárú agus i bhforfheidhmiú na gclár CSE agus déantar tagairt shonrach chomh maith don chomhpháirtíocht agus d'acmhainní a fhorbairt i líon áirithe de thionscnaimh nua.

D'fhonn na riachtanais níos mó a bhíonn ag réigiúin chóineasaithe agus ag tíortha comhtháthaithe a thabhairt san áireamh faoi chuspóir an Chóineasaithe agus d'fhonn fás eacnamaíoch, deiseanna fostaíochta agus cáilíocht agus táirgiúlacht ag an obair a mhéadú, forálann an CSE do thacaíocht mhéadaithe chun go dtabharfaí níos mó tacaíochta do na Ballstáit agus na Réigiúin sin chun comhchuspóirí an AE a bhaint amach.

> *Airteagal 5.3§2*
> *"Leithdhálfar méid ábhartha d'acmhainní CSE faoi chuspóir an Chóineasaithe ar acmhainní a fhorbairt lena n-áireofar oiliúint, bearta líonraithe, an comhphlé sóisialta agus gníomhartha a mbíonn na comhpháirtithe sóisialta ina mbun i gcomhar a neartú go háirithe maidir le hinoiriúnaitheacht na n-oibrithe agus na bhfiontar dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(a) (Scóip)*

*6. Commission européenne (2006) Relations du travail en Europe, document de travail des services de la Commission*

Tuartar in **Airteagal 5.3 § 2** maidir le réigiúin Chóineasaithe go leithdhálfar méid iomchuí acmhainní chun tacú le comhpháirtithe sóisialta i dhá chineál gníomhaíochtaí:

- **Gníomhaíochtaí chun acmhainní a fhorbairt** d'fhonn cur ar chumas comhpháirtithe sóisialta dul i mbun a bhfeidhme go héifeachtach mar a thuartar i dTeideal XI den Chonradh (comhairliúchán ar thograí i réimse an bheartais shóisialta chomh maith le Comhphlé Sóisialta na hEorpa) agus i gcuspóirí CSE a bhaint amach; áirítear leis sin oiliúint, bearta líonraithe, an comhphlé sóisialta a neartú;

**AGUS**

- **Gníomhartha a rachaidh comhpháirtithe sóisialta ina mbun i gcomhar:** go háirithe i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hinoiriúnaitheacht na n-oibrithe agus na bhfiontar.

D'fhéadfadh dá bhrí sin gur tacaíocht d'eagraíochtaí comhpháirtí shóisialta aonair chomh maith le tacaíocht do ghníomhartha a rachadh eagraíochtaí ar an dá thaobh den tionscal ina mbun i gcomhar an cineál tacaíochta a thabharfaí do chomhpháirtithe sóisialta.

Próiseas is ea acmhainní a fhorbairt trína bhforbraítear inniúlachtaí eagraíochtaí, airgeadais agus pearsanta na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí agus trína bhfeabhsaítear an cion oibre a dhéanann siad go náisiúnta agus sna réigiúin. D'fhéadfadh gurbh iad seo a leanas na gníomhartha a theastódh chun inniúlacht maidir le comhphlé sóisialta a fheabhsú – oiliúint i meicníochtaí faisnéise, rannpháirtíochta agus idirbheartaíochta, ról na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú maidir le dálaí oibre a mhúnlú agus maidir le feidhmiú mhargadh an tsaothair, struchtúir earnálacha a chomhdhlúthú, an ceangal idir comhphlé sóisialta náisiúnta agus AE agus eile a fheabhsú.

Is féidir samplaí de bhearta féideartha a léamh san aguisín.

## 3. Cur chuige i ndáil leis na Cláir a leagan amach

### *Modhanna chun tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta sna Cláir Oibriúcháin*

Ba chóir gan líon áirithe de phrionsabail ghinearálta a ligean i ndearmad nuair a bheadh aon chineál cláir faoi réim CSE á leagan amach:

- Níor mhór an **bonn dlí** sa Rialachán CSE a bheith inaitheanta i ngníomh ar bith. I gcás go mbeadh roghnú ais tosaíochta an Chláir Oibriúcháin lena mbaineann á chosaint is cóir nasc a cheangal le margadh an tsaothair agus is cóir an tosaíocht CSE a gcuireann an ghníomhaíocht léi a aithint.
- Ba chóir gur chuid lárnach den **straitéis** atá leagtha amach sna **Creataí Náisiúnta Straitéiseacha Tagartha**, na gníomhartha lena mbainfeadh an tacaíocht a thabharfaí do chomhpháirtithe sóisialta chun acmhainní a fhorbairt agus do chomhghníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta (Airteagal 5.3 agus Airteagal 3.1.a) nó na gníomhartha lena mbainfeadh comhpháirtíochtaí, comhaontuithe agus tionscnaimh a chur chun cinn (Airteagal 3.1 e). Ba chóir go dtabharfaí míniú sa straitéis faoin réasúnaíocht a bhaineann leis an ngníomh agus faoin tacaíocht a thabharfaí agus faoin gcion tairbhe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun fostaíocht agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. Ba chóir go dtabharfaí mionléargas sa straitéis ar an gcomhlántacht idir na Cistí agus ba chóir leas a bhaint as comharghníomhaíochtaí féideartha i gcás go dtacódh agus nuair a thacódh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Ciste Sóisialta leis na gníomhartha. Is cuí d'údaráis bhainistithe teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe sóisialta d'fhonn na riachtanais ar leith atá acu a phlé leo ionas go bhféadfaí léargas a thabhairt ar na riachtanais sin sna doiciméid a bhaineann leis an gclár a leagan amach;
- Ba chóir gurbh í a straitéis bonn agus taca na gClár Oibriúcháin agus ba chóir go gcuideodh na Cláir Oibriúcháin leis na cuspóirí arna n-aithint sna Creataí Náisiúnta Straitéiseacha Tagartha agus sna Cláir Athchóirithe Náisiúnta.

## *Clár Oibriúcháin*

Eascraíonn iliomad athruithe ar ábhar agus ar struchtúr **na gclár oibriúcháin** don todhchaí as an gcreat reachtaíochta don tréimhse 2007-2013, ina dtugtar léargas ar chur chuige níos straitéisí maidir le cláir a leagan amach. Ó tharla gur glacadh le treoirlínte straitéiseacha an Chomhphobail dírítear leagan amach na gclár ar thosaíochtaí AE agus caitear leis na cláir oibriúcháin mar dhoiciméid straitéiseacha. Ní dhéantar mionchur síos ar bhearta iontu a thuilleadh. Leagtar an príomhfhócas anois ar an straitéis agus ar thosaíochtaí.

D'fhéadfadh go socródh Ballstáit **clár Oibriúcháin** nó **ais tosaíochta ar** leith a bheith acu a bheadh dírithe ar "**inoiriúnaitheacht na n-oibrithe agus na bhfiontar**" (arna sainmhíniú in Airteagal 3.1.a de rialachán CSE).

> *Airteagal 2 den Rialachán Ginearálta*
> *1. **"Clár Oibriúcháin"**: doiciméad arna chur i láthair ag Ballstát agus arna ghlacadh ag an gCoimisiún ina leagtar amach straitéis forbartha lena mbaineann sraith chomhtháite tosaíochtaí a rachfar ina mbun le cabhair as Ciste nó le cabhair as an gCiste Comhtháthaithe agus as an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe i gcás cuspóir Cóineasaithe,*
> *2. **"Ais tosaíochta":** ceann de thosaíochtaí na straitéise is ea clár oibriúcháin ina bhfuil grúpa oibríochtaí gaolmhara agus lena mbaineann spriocanna intomhaiste ar leith;*

Ba chóir go hidéalach nach gcomhfhreagródh ais théamach tosaíochta amháin ach le tosaíocht amháin arna haithint i Rialachán CSE. Lena rá ar bhealach eile ní mholtar tosaíochtaí arna n-aithint i Rialacháin CSE a chumasc agus aiseanna tosaíochta Clár Oibriúcháin á ndéanamh díobh. Ar an láimh eile, i gcás Cláir Oibriúcháin speisialaithe d'fhéadfaí níos mó ná ais tosaíochta Clár Oibriúcháin amháin a dhéanamh de thosaíocht Rialachán CSE ar leith.

> *Airteagal 37 (1) den Rialachán Ginearálta*
> *Beidh ar áireamh sna cláir oibriúcháin a bhaineann leis an gCóineasú agus le cumas iomaíochta agus cuspóirí fostaíochta na Réigiún:*
> *c) faisnéis faoi na **haiseanna tosaíochta** agus na sainspriocanna a ghabhann leo. Cainníochtófar na spriocanna siúd trí bhíthin líon teoranta táscairí aschuir agus torthaí agus tabharfar prionsabal na comhréireachta san áireamh. Bheifí ábalta de bharr na dtáscairí forás a thomhas i ndáil le bunlíne agus gnóthachtáil spriocanna na haise tosaíochta*

D'fhéadfadh Ballstát ar bith, dá bhrí sin, an clár a leagan amach ionas go dtabharfaí tacaíocht do chomhpháirtithe sóisialta maidir le hacmhainní a fhorbairt trí Chlár Oibriúcháin nó trí ais tosaíochta a bhainfeadh le hinoiriúnaitheacht nó oiliúint fionraithe, le hathstruchtúrú nó le struchtúir ar chomhphlé sóisialta a atreisiú mar chuid dá mbunghníomhartha chun acmhainní a fhorbairt.

Ceanglaítear le hAirteagal 5 den Rialachán CSE (Dea-Rialachas agus Comhpháirtíocht), áfach, maidir le Cláir Oibriúcháin CSE i réigiúin chóineasaithe go soláthrófaí méid iomchuí acmhainní CSE chun tacú le comhpháirtithe sóisialta. Ní ionann sin is a rá go mbeadh bac ar roinnt réigiún i mBallstát amháin nach réigiúin chóineasaithe iad tacaíocht chomhpháirtithe sóisialta a fháil.

## *Gníomhartha a chur i bhfeidhm*

Is i ndeontais aonair nó dhomhanda nach féidir a chúiteamh, deontais nach féidir a chúiteamh, fóirdheontais úis ar iasachtaí, micrichreidmheasaí, cistí ráthaithe nó earraí agus seirbhísí a cheannach de réir rialacha soláthair phoiblí (comórtas tairisceana) a thugtar cabhair as CSE.

Ní mór don údarás bainistithe an modh is cuí chun tacaíocht airgeadais a thabhairt a chinneadh agus clár oibriúcháin CSE á fhorfheidhmiú. D'fhéadfaí, mar shampla, gur trí ghlaonna ar dheontais nó trí ghlaonna ar thairiscintí a dhéanfaí

amhlaidh. Bíonn feidhm ag na prionsabail ghinearálta – trédhearcacht, cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú – maidir le gach uile chás.

Cé nach dtugtar ceart aonair maoinithe ar bith maidir le hacmhainní a fhorbairt agus le comhbhearta comhpháirtithe sóisialta in Airteagal 5.3, ní mór méid sonrach a leithdháileadh chuige sin agus ba chóir don Údarás Bainistithe cuidiú leis na comhpháirtithe sóisialta na cistí seo a úsáid go cuí.

Ina theannta sin níor mhór do Bhallstáit le cabhair ón gCoimisiún, más iomchuí, a chinntiú nach dtacóidh CSE le hoibríochtaí sonracha a mbeadh tacaíocht á bhfáil acu ag an am céanna ó chláir thrasnáisiúnta eile de chuid an Chomhphobail go háirithe i réimse an oideachais agus na hoiliúna.

## *Róil éagsúla na gcomhpháirtithe sóisialta i bhforfheidhmiú cistí*

Comhaltaí éifeachtacha ab ea na comhpháirtithe sóisialta in go leor de Choistí Monatóireachta na gClár Oibre don tréimhse 2000-2006.

Is amhlaidh a bheidh sa tréimhse 2007-2013 ó tharla go luaitear in Airteagal 11 (Comhpháirtíocht) den Rialachán Ginearálta (CE) Uimh. 1083/2006 go n-eagróidh gach Ballstát, más iomchuí agus de réir na rialacha agus na gcleachtas reatha náisiúnta, comhpháirtíocht le húdaráis agus comhlachtaí amhail: Na húdaráis chumasacha réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus na húdaráis phoiblí eile; na **comhpháirtithe** eacnamaíocha agus **sóisialta**; comhlacht iomchuí ar bith eile a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus comhlachtaí atá freagrach as comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn.

De réir Airteagal 5.2 (Dea-rialachas agus Comhpháirtíocht) den Rialachán CSE, cinnteoidh Baill páirteachas na **gcomhpháirtithe sóisialta** agus comhairliúchán agus rannpháirtíocht chuí pháirtithe leasmhara eile, ag an leibhéal críche cuí, **san ullmhú, san fhorfheidhmiú agus sa mhonatóireacht a dhéanfar ar thacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa.**

Ina theannta sin maidir le forfheidhmiú na gcistí féadfaidh comhpháirtithe sóisialta gníomhú mar thairbhithe nó mar chomhlachtaí eatramhacha a mbeidh a bhfreagrachtaí sainmhínithe go soiléir sa Rialachán Ginearálta[7].

Bíonn comhpháirtithe sóisialta i gcroílár fhorfheidhmiú CSE de bharr an iliomad ról a bhíonn acu. Bíonn ról faoi leith ag na comhpháirtithe sóisialta i ngach ceann de na feidhmeanna seo:

- Leagtar rialacha soiléire amach sa Rialachán Ginearálta agus sa Rialachán Forfheidhmithe araon ar fhorfheidhmiú na gCistí ó thaobh freagrachta, **rialachais** agus trédhearcachta de.
- Is léir ó na Rialacháin Ghinearálta in Airteagal 64 agus 65 agus déantar mionchur síos iontu ar chomhdhéanamh agus ar **thascanna an choiste monatóireachta**, agus is léir agus déantar mionchur síos in Airteagal 59 go 61 chomh maith ar ainmniú agus fheidhmeanna na n-údarás.
- Sásóidh na comhpháirtithe sóisialta iad féin agus iad ag feidhmiú mar chomhaltaí an choiste monatóireachta go bhfuil forfheidhmiú an chláir oibriúcháin éifeachtach agus ar ardchaighdeán agus áirítear leis sin na critéir chun na hoibríochtaí a mhaoineofar a roghnú, a bhreithniú agus a fhaomhadh. Níor mhór chuige sin do chomhaltaí an choiste monatóireachta a chinntiú gur critéir thrédhearcacha agus oscailte na critéir agus go dtugtar léargas iontu ar an ionadaíocht a dhéantar ar chomhpháirtithe sóisialta sa Bhallstát agus sa réigiún. Ina theannta sin níor mhór don údarás bainistithe mionchur síos ar na nósanna imeachta a bhaineann leis an scrúdú a dhéanfar ar iarratais ar mhaoiniú agus leis na tréimhsí ama lena mbaineann a fhoilsiú.
- Thairis sin, de bhun Airteagal 7 (d) den Rialachán Forfheidhmithe, is iad na húdaráis bhainistithe atá freagrach as liosta tairbhithe, ainmneacha na hoibríochta agus an méid maoiniú poiblí a leithdhálfar ar na hoibríochtaí a fhoilsiú.

*7. Airteagal 2 den Rialachán Ginearálta 1083/2006 – 'tairbhí': oibreoir, comhlacht nó gnóthas, cibé poiblí nó príobháideach, atá freagrach as oibríochtaí a thionscnamh agus a fhorfheidhmiú. 'comhlacht idirmheánach': comhlacht nó seirbhís phoiblí nó phríobháideach ar bith a ghníomhaíonn faoi chúram údarás bainistithe nó deimhnithe, nó a dhéanann dualgais a chomhall ar son údaráis den sórt vis-à-vis tairbhithe a fhorfheidhmíonn oibríochtaí;*

## 4. Saincheisteanna sonracha

### *Cláir ilchuspóireacha*

Is mar seo a leanas atá Airteagal 32 mír (1) den Rialachán Ginearálta*: "[. . .] Ní chlúdófar ach ceann amháin de na trí chuspóir dá dtagraítear in airteagal 3 sa chlár oibriúcháin seachas mar a aontófar idir an Coimisiún agus an Ballstát".*

Ba spéis le lear mór Ballstát úsáid a bhaint as an rogha dá ndéantar foráil san airteagal thuas agus bhreithnigh siad Cláir Oibriúcháin a chur i dtoll a chéile ina gclúdófaí an cuspóir "Cóineasú" agus "Cumas iomaíochta agus fostaíocht réigiúnach" araon (.i. cláir ilchuspóireacha)

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann le cláir ilchuspóireacha is ea a chinntiú go sásaítear Airteagal 22 **(nach féidir Cistí a aistriú idir Chuspóirí)** go hiomlán agus dá bhrí nach n-úsáidtear cistí a leithdháiltear ar na réigiúin Chóineasaithe ach ar mhaithe leis na réigiúin sin amháin agus nach n-úsáidtear na hacmhainní a leithdháiltear ar na réigiúin a bhaineann leis an gCuspóir 'Cumas iomaíochta agus Fostaíocht' ach ar na réigiúin sin amháin.

Tagann ceisteanna chun cinn as forfheidhmiú na dtionscadal ilchuspóireach maidir leis an gcaoi ina bhféadfaí ráta cion tairbhe a cheapadh do gach ceann de na cuspóirí. Ba chóir idirdhealú a dhéanamh idir dhá chineál tomhais;

1. an tomhas a bhaineann le buiséad foriomlán an Chláir Oibriúcháin .i cén tairbhe a bhainfidh an Clár Oibriúcháin as Cuspóir an Chóineasaithe agus as Cuspóir an Chumais Iomaíochta agus na Fostaíochta
2. an tomhas a bhaineann leis an tairbhe a bhainfidh oibríochtaí áirithe as gach Cuspóir (mar shampla oibríochtaí is gá ar mhaithe le tionscadail ilchuspóireacha)

Maidir leis an gcéad tomhas socraítear amhlaidh le cinneadh polaitiúil de chuid an rialtais. Cinntear an scoilt ghinearálta in idirbheartaíochtaí na gCreataí Náisiúnta Straitéiseacha Tagartha roimhe sin. Ba chóir do na cláir ilchuspóireacha tagairt a dhéanamh dóibh agus eolas a thabhairt maidir leis na toimhdí a bhí mar bhonn ag an gclár ilchuspóireach áirithe sin.

Is féidir dhá chur chuige a aithint maidir leis an dara tomhas a bhaineann leis an tairbhe a bhainfí as oibríochtaí áirithe ag an gcéim seo:

- Cláir Oibriúcháin ar léir an tomhas *pro-rata* (nó na tomhais pro-rata a bheidh i bhfeidhm maidir le grúpaí éagsúla tionscadal) agus a bhfuil i gceist leo na tomhais pro-rata seo a chur i bhfeidhm ar ghrúpa ar leith de thionscadail ilchuspóireacha le linn shaolré cláir

- Cláir Oibriúcháin trína soláthraítear faisnéis faoin modheolaíocht. Mínítear san fhaisnéis cé mar a ríomhfar an tomhas *pro-rata* a chuirfear i bhfeidhm ar na hoibríochtaí éagsúla. Bíonn cur chuige den sórt i bhfeidhm i gcláir más rud é go meastar nach mbeidh ach líon teoranta tionscadal ilchuspóireach i gceist

Níor mhór an tomhas a dhéanamh ar bhealach trédhearcach loighciúil ar aon chuma i gceadas don tionchar is dóigh a bheadh ag maoiniú iomchuí CSE ar chuspóir ar leith.

**Níor mhór go mbeadh feidhm ag an gcóras chun Cistí a dheighilt idir chuspóirí maidir le tionscadail chomhpháirtithe sóisialta chomh maith.** Lena rá ar bhealach eile ní féidir maoiniú a thabhairt ar bhonn chuspóir an Chóineasaithe amháin do chomhghníomhartha comhpháirtithe sóisialta a chlúdaíonn limistéar iomlán tíre. Mhaoineofaí gníomhartha a bheadh iomchuí do chuspóir an Chóineasaithe as an leithdháileadh speisialta do ghníomhartha comhpháirtithe sóisialta i réigiúin Chóineasaithe (de réir Airteagal 5.3) ach níor mhór gurbh as cuspóir an Chumais Iomaíochta nó as an mbuiséad náisiúnta (agus nach as Clár Oibriúcháin CSE) a thiocfadh an maoiniú don chuid sin den oibríocht a rachadh chun tairbhe réigiúin an Chumais Iomaíochta agus na Fostaíochta. Níor mhór a thabhairt faoi deara freisin nach mbraitheann cúrsaí ar láthair fhisiceach cheanncheathrú na gcomhpháirtithe sóisialta ach ar an tairbhe a bhainfeadh réigiúin an Chóineasaithe agus an Chumais Iomaíochta agus na Fostaíochta faoi seach as an oibríocht ar leith.

## *Saincheisteanna Airgeadais*

**1. De réir Airteagal 34 de Rialachán Uimh. 1083/2006, féadfaidh CSE gníomhartha a thagann faoin scóip trína bhfaightear cabhair as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a mhaoiniú faoi réir ag srian 10% de mhaoiniú ón gComhphobal i gcomhair gach ais tosaíochta a bhaineann le clár oibriúcháin. Cén chaoi a bhféadfaí Airteagal 34 (2) a fheidhmiú go praiticiúil i gcás go bhféadfaí dul thar an srian 10% i dtionscadal/gníomhaíocht amháin agus tionscadail/gníomhaíochtaí eile a bheith thíos leis?**

Forálann Airteagal 34 (2) (Rialachán Ginearálta) go bhfuil gníomhartha a thagann faoin scóip go bhfaighfí cabhair as cistí eile (.i. Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) ar gá iad chun an oibríocht (CSE) a fhorfheidhmiú go sásúil agus atá ceangailte go díreach leis an oibríocht, incháilithe agus go bhféadfaí iad a íoc as airgead CSE. Cuirfear srian airgeadais 10% i bhfeidhm ag céim na haise tosaíochta agus ní ag céim na hoibríochta. Dá bhrí sin i gcás roinnt oibríochtaí is féidir dul thar an srian sin ar an gcoinníoll go sásófar an 10% d'uasmhéid ag leibhéal na haise tosaíochta.

**2. An bhféadfaí cabhair stáit a thabhairt ar an tacaíocht a gheobhadh fiontar (mar shampla chun ceanglais sábháilteachta ag an obair a chomhlíonadh) as tionscadal a d'fhorfheidhmeodh comhpháirtithe sóisialta?**

Ba chóir ceist níos beaichte a chur chun cur ar chumas an Choimisiúin freagra níos cruinne a thabhairt. D'ainneoin sin is uile ba chóir roinnt gnéithe ginearálta a thabhairt san áireamh chomh fada is a bhaineann sé le cabhair stáit.

Bíonn feidhm ag dhá phrionsabal.

Ar an gcéad dul síos bíonn **feidhm ag rialacha cabhair stáit** de réir airteagal 87 den Chonradh **maidir le hoibríochtaí tráchtála.** Is é cuspóir an chleachtais a chinntiú nach bhfuil saobhadh ar bith sa mhargadh de bhua tacaíochta a bheadh deonaithe ag an Rialtas (cibé ar Rialtas réigiúnach nó náisiúnta é). Dá bhrí sin ní bhíonn feidhm aige ach amháin maidir le margadh. Dá bhrí sin is í an chéad saincheist nár mhór díriú uirthi agus nár mhór í a ardú ná an tsaincheist seo a leanas: an bhfuil na comhpháirtithe sóisialta a fhaigheann tacaíocht airgeadais i ndáiríre i margadh iomaíoch do na seirbhísí a sholáthraíonn siad? Ní féidir leo an margadh a shaobhadh mura bhfuil siad i margadh iomaíoch. Is í sin an chéad saincheist nár mhór díriú uirthi ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta.

Is é an dara pointe go bhfuil díolúintí sonracha ag baint le rialacha cabhair stáit maidir le tacaíocht a fháil i gcomhair oiliúna agus fostaíochta. Ceapadh na díolúintí seo chun an dá ghníomh sin a éascú agus tharlódh in go leor cásanna go dtiocfadh an cineál tacaíochta a thabharfaí do chomhpháirtithe sóisialta faoi scóip na díolúine seo agus dá bhrí sin ní bheadh feidhm ag na rialacháin. Dá bhrí sin is cabhair stáit a bheadh ann ach ní bheadh feidhm ag na rialacháin ó tharla go mbeadh na gníomhartha dá dtabharfaí tacaíocht díolmhaithe.

Ina theannta sin díolmhaítear sa ghnáthchúrsa cabhair stáit a bheadh níos lú ná 100.000 €. Dá bhrí sin braitheann sé go léir ar mhéid an tionscadail agus ar na gníomhartha a mbeifear ina mbun. Is annamh go mbíonn deacrachtaí nó fadhbanna maidir leis an tacaíocht a fhaightear ó chabhair stáit i gcás comhpháirtithe sóisialta de bharr meascán de na trí thréith sin. Thairis sin is féidir leis na Ballstáit scéimeanna áirithe a chur in iúl don Choimisiún agus díolúine a fháil ón gCoimisiún.

**3. Níl na gníomhartha atá á dtuar in airteagal 5 §3 uileghabhálach .i. níl iontu ach samplaí loighiciúla. D'ainneoin sin luaitear go sonrach gníomhartha chun acmhainní na gcomhpháirtithe sóisialta a fhorbairt.**

**Ó tharla go mbeidh tionchar ag na gníomhartha sin ar incháilitheacht an chaiteachais faoi seach ba mhian linn fios a bheith againn an mbeidh costais chun caiteachas struchtúr agus caiteachas oibriúcháin/reatha na gComhpháirtithe Sóisialta a ghlanadh incháilithe nó nach mbeidh?**

An bhféadfaí mar shampla caiteachas chun tuarastail a ghlanadh a chómhaoiniú? An bhfuil costais taistil "per diem" na gComhpháirtithe Sóisialta agus na saineolaithe incháilithe? An bhfuil caiteachas a bhaineann le dímheas trealaimh struchtúir na gComhpháirtithe Sóisialta incháilithe? Ar chóir do Bhallstáit incháilitheacht (nó neamh-incháilitheacht) na gcostas sin a chinneadh?

Dírítear tacaíocht CSE chun oibríochtaí/gníomhartha a mhaoiniú – i ndiaidh glao ar thograí nó ar thairiscintí (.i. faoi théarmaí deontais nó conartha) agus ní dhírítear an tacaíocht ar chostais reatha, fóirdheontas nó infreastruchtúir sa cháil sin. Níor mhór costais oibríochta a shainmhíniú de réir scóip CSE agus níor mhór dóibh baint dhíreach a bheith acu leis na hoibríochtaí agus le hincháilitheacht de réir na rialacha náisiúnta agus airteagail 11 de Rialachán CSE.

Tá an cur chuige maidir le simpliú ar cheann de na prionsabail don tréimhse 2007-2013 ar mhian leis an gCoimisiún iad a fheiceáil á gcur i bhfeidhm. Mar shampla "Ar chóir tacaíocht do chomhpháirtithe sóisialta a bhronnadh i bhfoirm deontais?" D'fhéadfaí de bharr an chur chuige sin céatadán de chostais indíreacha a leithdháileadh ar bhonn ráta comhréidh.

Dá mba rud é go dtabharfaí an tacaíocht do na comhpháirtithe sóisialta i bhfoirm tairisceana ina mbeadh seirbhísí sonracha le cur ar fáil in aghaidh an chonartha d'fhéadfaí conradh réamhdhearbhaithe a chur i dtoll a chéile maidir le luach na gcostas agus maidir leis na gálaí ina n-íocfaí na híocaíochtaí agus d'fhéadfaí (ba chóir) an céanna a lua sa chonradh.

D'fhéadfadh go mbeadh "per diem" incháilithe sa dá chás. Mar shampla más faoi chomhpháirtithe sóisialta cúrsaí oiliúna a reáchtáil d'fhéadfaí "per diem" a shainmhíniú ar bhonn rialacha náisiúnta incháilitheachta.

Ba chóir rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le dímheas chomh maith. B'fhéidir go mbeadh dímheas in aghaidh ríomhaire ar bhonn bliantúil i gceist le roinnt rialacha náisiúnta agus b'fhéidir gur ar bhonn trí bliana a bheadh an dímheas i rialacha náisiúnta eile. Más rud é go maoineofar tionscadal 18 mí as tacaíocht CSE a thabharfar do chomhpháirtithe sóisialta cibé i bhfoirm deontais nó i bhfoirm tairisceana ba chóir go mbeadh feidhm ag dímheas pro-rata maidir le hinfreastruchtúr a bheidh in úsáid le linn an 18 mí. Ní féidir le CSE áfach gnáthchostais reatha a ghlanadh.

Más rud é go bhfuil triúr fostaithe ag eagraíocht chomhpháirtithe sóisialta ní féidir leis an CSE fóirdheontais a thabhairt do na daoine atá fostaithe cheana féin agus a leanfaidh dá ngnáthfheidhm. Glanann an CSE tuarastail na ndaoine atá i mbun an tionscadail arna chomhaontú faoin nglao ar dheontas nó faoin nglao ar thairiscintí. Sa chiall sin dó is féidir leis an CSE tuarastail a ghlanadh ach ní féidir costais leanúnacha reatha a ghlanadh.

**4. An gclúdaítear réigiúin "céimniú isteach" agus "céimniú amach" faoi réim Airteagal 5?**

Ar an gcéad dul síos luaitear le hAirteagal 8 den Rialachán Ginearálta go mbreithnítear **réigiúin chéimniú amach** ina réigiúin Chóineasaithe (Airteagal 8.1). Tagraíonn na **réigiúin chéimniú isteach** do Chuspóir Réigiúnach an Chumais Iomaíochta agus na Fostaíochta (Airteagal 8.2). Ní mór deighilt a dhéanamh áfach ó thaobh **tosaíochtaí don ghníomh**.

Ar an gcéad dul síos, maidir leis na **stáit Chóineasaithe** – siad sin, SP, PT, GR agus na Ballstáit nua go léir – lena n-áirítear na réigiúin thrasnáisiúnta, d'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag an Rialachán CSE maidir leis na stáit iomlána, lena n-áirítear réigiúin an Chumais Iomaíochta (airteagal 3.4 Rialachán CSE).

Maidir leis an mbuiséad, fiú dá bhféadfadh réigiúin chéimniú isteach feidhm a bhaint as na tosaíochtaí go léir ba iad na hacmhainní a bhainfeadh le cuspóir an Chumais Iomaíochta a d'úsáidfí.

Is é an dara pointe nár mhór deighilt eile a dhéanamh i gcásanna seachas cás thíortha an chomhtháthaithe. Is ionann réigiúin an Chóineasaithe agus **réigiúin chéimniú amach**. Dá bhrí sin is léir go bhféadfaidh siad feidhm a bhaint as an dá thosaíocht den Rialachán CSE maidir leis sin.

Ar an láimh eile ní féidir **réigiúin chéimniú isteach** a áirítear faoi chuspóir an Chumais Iomaíochta, de réir a shainmhínithe, a mhaoiniú faoi Airteagal 3.2 de Rialachán CSE ar chor ar bith. Ní bhíonn feidhm aige seo ach amháin maidir le tosaíochtaí atá faoi réim Airteagal 3.1 de Rialachán CSE.

**5. Céard iad na gníomhartha agus an caiteachas a d'fhéadfaí a chómhaoiniú i gcreat an ghnímh "cumas institiúidí na gComhpháirtithe Sóisialta a neartú" agus céard í an difríocht idir na cineálacha gníomhartha sin agus na gníomhartha a bhfuiltear á dtuar in Airteagal 3 (2)(b)?**

Tagraítear in Airteagal 5 (3) do na huirlisí a d'fhéadfaí a úsáid chun cumas na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú: oiliúint, bearta líonraithe, gníomhaíochtaí a mbeadh ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí ina mbun i gcomhar

Dírítear Airteagal 3 (2) (b) níos mó ar chuspóirí thosaíocht chumas na n-institiúidí agus ar an gcaoi ina bhféadfaidh na comhpháirtithe sóisialta cuidiú leis na cuspóirí sin, trí bheith ina dtionscnóirí nó trí ghníomhartha a chur i bhfeidhm a bheadh dírithe ar: leasuithe, rialachán agus dea-rialachas níos fearr go háirithe sa réimse eacnamaíoch, i réimse na fostaíochta, an oideachais, …

## AGUISIN

### *Samplaí chun acmhainní agus comhghníomhartha a fhorbairt*

Tá maoiniú á thabhairt ag an gCoimisiún cheana féin do thionscadail thrasnáisiúnta lena mbaineann an AE15 agus comhpháirtithe sóisialta na mBallstát araon (trí bhíthin bhuiséad an chomhphlé shóisialta, tionscnamh EQUAL agus PHARE). Chuir cuid de na Ballstáit nua cuid dá mbuiséad CSE i leataobh go dtí an bhliain 2006 i gcomhair gníomhartha chun acmhainní na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta a fhorbairt. Áiríodh bearta sna doiciméid chláraithe chun struchtúir ar chomhphlé sóisialta a atreisiú mar chuid dá mbunghníomhartha chun acmhainní a fhorbairt, nó faoi ghníomhartha a bhain le hathstruchtúrú nó le hinoiriúnaitheacht nó oiliúint fionraithe.

Tá na tionscadail seo a leanas á reáchtáil sa **Pholainn** mar shampla.

- Sheol NSZZ Solidarność Gdańsk clár oiliúna i gcomhair ceardchumann agus eagraíochtaí a d'fhéadfadh ionadaíocht a dhéanamh ar oibrithe de bharr gur tugadh institiúid na gComhairlí Oibreacha isteach sa Pholainn an athuair. Áirítear ar phríomhghníomhaíocht an tionscadail oiliúint a chur ar na comhaltaí a bheidh ar na comhairlí oibreacha sa todhchaí lena n-áirítear cur amach ar dhlí nua na Comhairle Oibreacha sa Pholainn, modhanna agus ionstraimí maidir le hanailís eacnamaíoch agus airgeadais, modhanna chun comhphlé sóisialta a bheadh cuiditheach agus inbhuanaithe a chur ar bun, ionstraimí chun inoiriúnaitheacht oibrithe a mhéadú agus chun inniúlachtaí idirphearsanta a fhorbairt agus modhanna nuálacha chun coimhlintí a bhainistiú. Cruthaíodh tairseach idirlín ionas go bhfeidhmeodh sé mar ionstraim bhreise chun faisnéis faoi anailís airgeadais agus eacnamaíoch a aimsiú. Cuirfear torthaí an tionscadail i láthair ag an gcomhdháil idirnáisiúnta agus foilseofar iad. Eiseofar bileog eolais chomh maith chun cabhair a thabhairt comhairlí nua oibreacha a bhunú agus chun eolas a scaipeadh faoi chearta agus dhualgais a gcomhaltaí.
- Chuir FPPZ (Cónaidhm Fostóirí Iarthar na Polainne) tús le tionscadal "Comhpháirtíocht mar bheartas gníomhach i margadh an tsaothair" lenar bhain comhpháirtithe éagsúla cosúil le gníomhaireachtaí áitiúla saothair agus údaráis áitiúla riaracháin, eagraíochtaí brústocaireachta, ollscoileanna, ionaid eolais d'oibrithe dífhostaithe agus do chomhpháirtithe sóisialta. Is é an príomhchuspóir comhphlé sóisialta a fhorbairt trí mheicníochtaí éagsúla comhairliúcháin a fhorbairt agus trí straitéisí diongbháilte a cheapadh chun tacú leis an margadh áitiúil saothair sa chomhpháirtíocht shóisialta. Ar deireadh thiar bunófar Ionad don Chomhphlé Sóisialta chun comhordú a dhéanamh ar chomhghníomhartha na gcomhpháirtithe sóisialta sa réigiún sa todhchaí.
- Is ollscoil phríobháideach 'An tAcadamh Bainistíochta' (SWSPiZ) in Lodz a chomhordaíonn an tionscadal crosréigiúnach "Comhpháirtíocht agus comhordú sa mhargadh saothair comhaimseartha". Is é an príomhchuspóir éifeachtach institiúidí an mhargaidh saothair a neartú agus a bhfeidhmiúlacht a fheabhsú trí chóras iomlán na comhpháirtíochta sóisialta sna réigiúin agus go trasréigiúnach a fhorbairt agus chun straitéisí a fhorbairt chun comhoibriú níos fearr a chur ar bun. Mar aon leis na comhpháirtithe sóisialta is fostaithe de chuid na ngníomhaireachtaí réigiúnacha agus áitiúla saothair agus ionadaithe de na heagraíochtaí neamhrialtasacha a bhíonn gníomhach sa mhargadh áitiúil saothair iad tairbhithe an tionscadail. Is í an phríomhghníomhaíocht Fóram Réigiúnach de Sheirbhísí Poiblí Saothair agus Institiúidí eile an Mhargaidh Shaothair a bhunú i ngach réigiún chun margadh nuálach saothair a fhorbairt ar bhonn comhpháirtíochta idir na húdaráis phoiblí agus na comhpháirtithe sóisialta. Ina theannta sin cruthófar ardán idirlín chun cur ar chumas na dtairbhithe tionscadal agus institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile an mhargaidh shaothair faisnéis a roinnt.

Tá go leor fós le déanamh mar a fheictear thuas. Thaispeáin measúnuithe a rinneadh ar thionscadail PHARE gur mhinic a rinneadh an margadh saothair bunaithe a thrasuí agus gur mhinic a bunaíodh bonn institiúideach ar mhaithe le comhphlé uathrialaitheach; ach go mbraithfidh inbhuanaitheacht na dtorthaí ar an gcaoi ina gcobhsófar ceanglais dlí agus airgeadais. Cabhair a bheadh i dtionscail struchtúracha chun acmhainní a fhorbairt faoi réim CSE chuige seo.

Déantar mionchur síos thíos ar roinnt beart agus torthaí féideartha. Braitheann gníomhartha ar an measúnú riachtanas sa Bhallstát agus ba chóir do na comhpháirtithe sóisialta a bheith páirteach ansin. Níl iontu seo ach cuid den líon éagsúil de bhearta féideartha agus ní liosta uileghabhálach é.

- Ionaid náisiúnta a chruthú chun oiliúint a chur ar chomhpháirtithe sóisialta a chuirfeadh cúrsaí ar fáil d'ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta agus d'oifigigh rialtais. D'fhéadfaí cúrsaí teanga a reáchtáil sna hionaid chomh maith chun cuidiú le comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí Choistí na bhFiontar Eorpach agus i ngníomhaíochtaí an AE.
- bearta d'fhonn faisnéis faoi reachtaíocht agus institiúidí don chomhphlé sóisialta atá ann cheana a scaipeadh chun a thuilleadh fostóirí agus fostaithe a earcú ionas go mbeadh siad rannpháirteach i gcomhphlé sóisialta
- fóraim ionadaithe as ceardchumainn lárnacha, maoir áitiúla cheardchumainn as cuideachtaí/ionadaithe ar chomhairlí oibreacha agus ionadaithe as eagraíochtaí lárnacha fostóirí agus as cuideachtaí áitiúla chun fostóirí agus fostaithe sna fiontair a spreagadh chun córais a bhunú ina ndéanfaí ionadaíocht ar fhostaithe
- Gníomhaíochtaí chun tábhacht agus buntáistí na comhpháirtíochta sóisialta a chur chun cinn
- seisiúin oiliúna maidir le faisnéis agus leis na próisis chomhairliúcháin, le cómhargáil, idirghabháil & eadráin, maidir le bheith rannpháirteach sna Comhairlí Oibreacha Eorpacha
- córais idirghabhála a bhunú agus a chur i bhfeidhm an athuair chun cuidiú chun réiteach a fháil ar chomhchonspóidí saothair,
- oiliúint a chur ar idirghabhálaithe poiblí, agus ábhar oiliúna i gcomhair idirghabhálaithe poiblí,
- bunachair shonraí bunaithe ar an ngréasán de chomhaontuithe agus den dlí saothair,
- foireann uirlisí agus lámhleabhair d'earnálacha agus do chuideachtaí,
- Gníomhartha a bhfuil i gceist leo comhphlé sóisialta sna hearnálacha a bhunú/a atreisiú, gníomhartha a bhfuil i gceist leo comhphlé sóisialta déthaobhach sna hearnálacha a bhunú agus a atreisiú agus tacaíocht a thabhairt chun struchtúir earnála a bhunú.
- Gníomhartha a bhfuil i gceist leo comhphlé sóisialta tríthaobhach a bhunú agus a atreisiú lena n-áirítear cumas riaracháin na n-údarás poiblí a neartú. D'fhéadfaí seisiúin speisialta a eagrú chun oiliúint a chur ar oifigigh a bhíonn rannpháirteach i gcaidreamh tionsclaíoch (go háirithe maidir leis an gcion tairbhe a dhéanfadh siad do Straitéis Fostaíochta Eorpach).
- Na struchtúir a bhaineann le páirteachas na gcomhpháirtithe sóisialta sna Cláir Athchóirithe Náisiúnta a atreisiú
- cúrsaí oiliúna faoi mheicníochtaí comhphlé shóisialta san AE
- Tionscadail chun forfheidhmiú dlí saothair an AE a éascú
- Tionscadail a bhaineann le forfheidhmiú na gcomhaontuithe Eorpacha maidir le comhphlé sóisialta (mar shampla comhaontú creata ar strus ag an obair) go náisiúnta agus/nó réigiúnach.

## *Samplaí de chomhghníomhartha le linn na tréimhse cláraithe roimhe seo*

- Tríd is tríd is as cistí O&O ("cistí earnála" arna mbainistiú ag na comhpháirtithe leasmhara) agus as bardais chomh maith a fhorfheidhmítear bearta san **Ísiltír** maidir le hoiliúint a chur ar fhostaithe. Is eagraíochtaí earnála a thugann fostóirí agus ceardchumainn saothair le chéile iad na cistí O&O agus a chuireann/a eagraíonn oiliúint d'fhostaithe.
- Cistí oiliúna déthaobhacha nó tríthaobhacha sna hearnálacha cosúil leis na cistí atá ar bun sa **Bheilg** agus san **Ísiltír** cheana féin. Bunaíonn **eagraíochtaí fostóirí** agus ceardchumainn comhlachtaí oiliúna i gcomhar lena chéile nó i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta lena mbaineann d'fhonn cuidiú a thabhairt gníomhartha a chur ar bun faoi threoirlínte Straitéis Fostaíochta na hEorpa (agus go háirithe inoiriúnaitheacht oibrithe agus fiontar). Bheadh tábhacht ar leith le comhchistí oiliúna den sórt i mBallstáit nua ina bhfuil líon mór de chláir athstruchtúraithe ar bun faoi láthair

sna hearnálacha. Ní mór do na comhpháirtithe sóisialta ranníocaíochtaí airgeadais a thabhairt, de réir Airteagal 11 den Rialachán CSE, ar mhaithe le feidhmiú cistí den sórt

- Tionscnamh comhpháirtíochta in **Éirinn** is ea Workway a ceapadh chun réiteach a fháil ar na leibhéil arda dífhostaíochta nach féidir glacadh leo i measc daoine faoi mhíchumas trí fheasacht a scaipeadh agus trí dhul i ngleic le baic chun deiseanna fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú. Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Comhdháil na gCeardchumann atá i mbun Workway agus tá fostóirí áitiúla, daoine faoi mhíchumas, ionadaithe ceardchumann agus na comhpháirtithe ábhartha go léir lena n-áirítear Soláthraithe Seirbhíse, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit rannpháirteach ann. (Comhghníomhartha)
- Bhunaigh an Rialtas **An tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta** chun tacú leis an ionad oibre dul i dtaithí ar athrú agus chun athruithe san ionad oibre a bhrú chun cinn. Is é sainchúram an Ionaid cur ar chumas eagraíochtaí sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, trí bhíthin na comhpháirtíochta dul i ngleic le hathrú, acmhainní a fhorbairt agus feidhmíocht a fheabhsú. Áirítear le straitéis an Ionaid Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta fís a bheith ann don athrú san ionad oibre, múnlaí dea-chleachtais a fhorbairt, uirlisí a fhorbairt don athrú san ionad oibre agus líonraí a fhorbairt. (Acmhainní a Fhorbairt/Comhghníomhartha)
- Bhunaigh **An Bhreatain Bheag** "Aonad na gComhpháirtithe Sóisialta" (cuideachta theoranta faoi úinéireacht an phríomhfhostóra agus eagraíochtaí ceardchumann i gcomhar) chun cur ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta ionchur a bheith acu san obair a dhéantar ar bheartais an Tionóil Náisiúnta. Faigheann an t-aonad seo maoiniú deontais ó Rialtas Thionól na Breataine Bige (Acmhainní a Fhorbairt/Comhghníomhartha) ach, i bprionsabal, d'fhéadfaí comhlachtaí cosúil leis na cinn sin a bhunú le tacaíocht CSE i réigiúin Chóineasaithe.
- Sheol Rialtas Thionól na Breataine Bige "Plean Gnímh na Comhpháirtíochta ag an Obair" sa **Bhreatain Bheag** sa bhliain 2003 chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt i measc fostóirí agus fostaithe maidir leis an tairbhe a bhainfí ag an obair as cur chuige na comhpháirtíochta; d'fhonn a thuilleadh tacaíochta a thabhairt d'eagraíochtaí chun comhshocruithe nua comhpháirtíochta a fhorbairt nó chun comhshocruithe comhpháirtíochta atá ann cheana a fheabhsú a chuirfeadh le feidhmíocht ghnó agus a mhéadódh a shásta is a bhíonn fostaithe lena gcuid oibre; agus d'fhonn dea-chleachtas a scaipeadh. Tá raon leathan gníomhartha sa Phlean Gnímh lena n-áirítear taighde, líonrú, scaipeadh faisnéise, oiliúint agus tacaíocht ghnó. (Acmhainní a Fhorbairt/Comhghníomhartha)
- Tá "Tacaíocht Cheardchumann don Fhoghlaim" bunaithe i **Sasana** a chuireann le cumas na gceardchumann tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim san Ionad Oibre ar bhonn comhpháirtíochtaí idir na fostóirí, ceardchumainn agus soláthraithe foghlama. (Acmhainní a Fhorbairt/Comhghníomhartha). Tá sé mar aidhm aige deiseanna i saol na n-oibrithe a mhéadú agus a dtuairimí a nochtadh san ionad oibre trí chúrsaí foghlama ardchaighdeáin na gceardchumann (http://www.unionlearn.org.uk/).
- Bhí "Ciste Comhpháirtíochta ag an Obair" sa **Ríocht Aontaithe** chun gnóthaí a spreagadh a modhanna oibre agus an t-eagrú a dhéanfaí ar an obair a nuachóiriú ar bhonn cur chuige comhpháirtíochta san ionad oibre (Comhghníomhartha).
- Tá "Comhpháirtíochtaí Réigiúnacha Scileanna" á bhforbairt i Sasana lena mbaineann RDA, LSC, Jobcentre Plus, soláthraithe oiliúna agus comhpháirtithe sóisialta. (Comhghníomhartha/Acmhainní a Fhorbairt)

Tá an téacs seo thuas ar fáil ag:
http://ec.europa.eu/employment_social/esf/fields/partnership_ga.htm

**Sa Bhruiséil:**

Deiseanna Seirbhís faisnéise na hArd-Stiúrthóireachta Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialacha & Comhionannas Deiseanna
An tAonad Cumarsáide
BE-1049 An Bhruiséil
Facs: +32 (0)2 296 23 93
Ríomhphost: empl-info@ec.europa.eu
http://ec.europa.eu/esf